**Oifig Náisiúnta Imdhíonta**
Aonaid 8/9 Páirc Gnó Shráid an Mhainéir
Sráid an Mhainéir
Baile Átha Cliath 7, D07 X320

**HSE National Immunisation Office**
Unit 8/9 Manor Street Business Park
Manor Street
Dublin 7, D07 X320

**www.immunisation.ie**
Twitter, Instagram,
YouTube, LinkedIn
t 01 8676108
r immunisation@hse.ie

Meán Fómhair 2023

**Clár Vacsaínithe sna Scoileanna 2023/2024**

A Phríomhoide, a chara,

Tá FSS an-bhuíoch as comhoibriú Príomhoidí agus foirne iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta i bhfeidhmiú an Chláir Imdhíonachta le haghaidh Scoileanna de chuid FSS chun leanaí a chosaint ó ghalair thógálacha thromchúiseacha.

Seo litir chun tú a chur ar an eolas faoi chlár vacsaínithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) sna scoileanna in 2023/2024. Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go dtabharfaí vacsaíní na haoise scoile i scoileanna chun comhionannas rochtana a chur ar fáil agus tá fianaise eolaíoch ann go mbíonn glacadh i bhfad níos airde le vacsaíní i measc déagóirí nuair a thugtar i scoileanna iad. Mar sin beimid buíoch má dhéanann tú é sin a éascú a mhéid agus is féidir.

D'eisigh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) moltaí nuashonraithe faoin vacsaín HPV i Mí na Nollag 2022. Anois, molann NIAC dáileog amháin den vacsaín HPV d'fhormhór na ndaltaí sa chéad bhliain sna scoileanna dara leibhéal. Ciallaíonn sé seo go dtairgtear aon dáileog amháin de HPV, aon dáileog de Tdap agus aon dáileog de vacsaín MenACWY d'fhormhór na ndaltaí.

Mar sin, ní gá d'fhoirne vacsaínithe scoile FSS ach cuairt a thabhairt ar scoileanna uair amháin de ghnáth chun vacsaíní HPV, Tdap agus MenACWY a thabhairt do dhaltaí.

Ba mhór againn é dá ndéanfadh scoileanna pacáistí faisnéise FSS a thabhairt amach do na daltaí mar is gnách. Agus na foirmeacha toilithe comhlánaithe ar fáil, beidh foirne scoile FSS in ann na seisiúin imdhíonta a phleanáil roimh ré—rud atá thar a bheith tábhachtach, go háirithe i mbliana.

Ní féidir le daoine óga vacsaín a fháil go dtí go bhfuil an fhoirm toilithe sínithe ag tuismitheoir nó ag caomhnóir. Chun cur i gcuimhne do thuismitheoirí na foirmeacha toilithe a sheoladh ar ais b'fhéidir gur mhaith leat roinnt faisnéise faoin gclár vacsaínithe a chur ar láithreán gréasáin na scoile, ar na cuntais meán sóisialta nó é a chur mar fholáireamh téacs.

Téacs molta chun fógra a thabhairt faoin gclár seo … *Beidh foirne vacsaínithe scoile FSS ag tabhairt cuairt ar an scoil ar … cuir isteach dátaí…. chun vacsaíní a thairiscint do dhaltaí na chéad bhliana chun iad a chosaint ar HPV, galar meiningeacocúil, teiteanas, diftéire agus triuch. Tugadh bileoga faisnéise agus foirmeacha toilithe do na daltaí le tabhairt abhaile. Bí ag súil leis an bhfaisnéis seo agus seol ar ais an fhoirm thoilithe le do thoil chomh luath agus is féidir. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoi na vacsaíní ag www.immunisation.ie*

**Clár Vacsaíniú Cúitimh HPV Laura Brennan**

Tá FSS ag tabhairt an deis do dhaltaí ón dara – séú bliain agus do mhná os cionn 24 bliain d'aois nó níos óige agus d'fhir 21 bliain d'aois nó níos óige nach bhfuair an vacsaín HPV cheana é a fháil anois.

Tá FSS ag cur an chláir ar fáil i gclinicí vacsaínithe FSS. Tá an vacsaín agus instealladh na vacsaíne saor in aisce.

Tá sonraí faoin gclár le fáil ar www.hpv.ie

B'fhéidir gur mhaith leat aon eolas ar an gclár cúitimh a chur ar láithreán gréasáin na scoile, ar na cuntais meán sóisialta nó é a chur mar fholáireamh téacs. Téacs molta chun fógra a thabhairt faoin gclár seo…. *Tá FSS ag tabhairt an deis do dhaltaí ón dara – séú bliain vacsaín HPV a fháil in aisce i mbliana mura bhfuair*

*siad cheana é. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil faoin gclár agus áirithint a dhéanamh i gclinic FSS ag www.hpv.ie.*

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait nó ó thuismitheoirí ar bith tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin le do thoil, gheobhaidh tú sonraí teagmhála d'oifig imdhíonta áitiúil ar www.immunisation.ie

Go raibh maith agaibh uair amháin eile as do thacaíocht don chlár imdhíonachta le haghaidh scoileanna.

Le meas

An Dr Lucy Jessop
Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí – Ceannaire Náisiúnta Imdhíonta,
An Oifig Náisiúnta Imdhíonta MRCN 424447